

# ❖ An Lúibín ❖

18 Bealtaine 2010

## **Plean Gaeilge i Meiriceá Thuaidh**

*Irish-language enthusiasts in North America are looking twenty years ahead.*

Tá súil rompu ag Gaeilgeoirí sna Stáit Aontaithe agus i gCeanada, agus iad ag cuimhneamh ar phlean fiche bliain a bheartú chun an teanga a chur chun cinn i Meiriceá Thuaidh. Tá lámh ag Arailt Mac Giolla Chainnigh, gníomhaí suntasach, sa ghnó, agus deirtear go mbeidh comhdháil físe ar siúl ar 23 Bealtaine chun ligean do Ghaeilgeoirí na Stát Aontaithe agus Ceanada an scéal a phlé.

Tá uailmhian ag roinnt leis an méid sin, agus cuireann sé in iúl go bhfuil lánmhuinín ag daoine sa rath atá le teacht. San Astráil tá claonadh ag daoine chun an t-iomaire céanna a threabhadh go réidh agus súil acu, ar ndóigh, go dtiocfaidh an rath uaidh féin. Ní déarfaimis nach bhfuil an ceart acu ach an bhuanseasmhacht a bheith ann.

Ach b'fhéidir nach mbeadh locht ar bhlúire pleanála tar éis an tsaoil, agus práinn le rud áirithe a rachadh ar sochar don teanga in Victoria: Gaeilge a chur á múineadh in Ollscoil Melbourne. Tá cúrsa léinn Éireannaigh ann cheana agus ollamh ina fheighil: ach tá gá le cúnamh ón taobh amuigh chun Gaeilge a sholáthar. Tá Gaeilge á múineadh in Ollscoil Sydney agus a bhuíochas sin ar an gcoiste a chaith blianta i mbun oibre chuige. Níl a leithéid i Melbourne go fóill, agus bíonn an cúrsa féin i mbaol i gcónaí ar nós gach cúrsa eile den saghas sin, de dheasca fonn a bheith ar lucht riaracháin an cúpla pingin a choigilt. Déanaimis machnamh air.



## **Plean teanga don Spidéal**

*A language plan for the Gaeltacht around Spiddal, Conamara, is in the offing, but it is likely to have come too late.*

An cruinniú atá le tionól sa Spidéal i gContae na Gaillimhe ar 19 Bealtaine tugann sé léargas ar dhá cheann na caora maidir leis an nGaeilge sna bólaí sin. Cíorfar plean Gaeilge don Spidéal, agus Comhlacht Forbartha an Spidéil i mbun na hócáide chun deis a thabhairt don phobal a bheith páirteach sa ghnó. Tá aird ar leith acu ar thuismitheoirí óga agus ar ionadaithe óna heagraíochtaí pobail.

Rinne an Comhlacht roinnt suirbhéanna ar úsáid na Gaeilge sa Spidéal. Léiríonn siad gurb áil le daoine go mba í an Ghaeilge príomhtheanga an phobail feasta agus gur dóigh leo gur cuid dhílis d'fhéiniúlacht an cheantair í an Ghaeilge. Ach tá contrárthacht ann. Thaispeáin daonáireamh na bliana 2006 go bhfuil 66% den phobal ina gcainteoirí Gaeilge, ach mar sin féin ní dóigh le daoine anois go leanfaidh an t-aos óg orthu ag labhairt na teanga. Is dóigh le daoine óga féin gur mar sin a bheidh an scéal: ní mheasann ach 10% de dhéagóirí go mbeidh an Ghaeilge mar phríomhtheanga an phobail i gceann 20 bliain.<sup>1</sup>

Ba dhóigh leat agus an scéal mar sin go mbeadh sé an-deacair plean fóna a bheartú chun an

<sup>1</sup> *Galway Advertiser*, Peadar Mac Fhlannchadha, 13/5/10.

teanga a láidriú, toisc go bhfuil lagú nó láidriú taobh le cúrsaí sa saol mór – an saol a bhfuil an t-aos óg chomh sin faoina anáil. Is dócha go bhfuil sé ró-dhéanach anois réiteach áitiúil a lorg. Is é an scéal céanna i ngach Gaeltacht é, agus ní uathu a eascróidh an chéad ghlúin eile. Tá an teanga aistrithe go dtí bólaí nua.



### **Playography**

*An index of plays in Irish on the web.*

Tá eolas le fáil anois ar gach dráma Gaeilge a léiríodh den chéad uair idir na blianta 1975-2009. Tá an 'Playography' seo le feiceáil ag [www.irishplayography.com](http://www.irishplayography.com). Foireann Institiúid Téatair na hÉireann a rinne an obair, agus thóg sé trí bliana orthu an fhaisnéis a chur i dtoll a chéile. Timpeall 250 dráma atá i gceist, agus mórán scríbhneoirí ag baint leo - Joe Steve Ó Neachtain, Alan Titley, Eilís Ní Dhuibhne agus eile.

Tig leat drámaí a lorg de réir an teidil an údair, na n-aisteoirí nó na stiúrthóirí, nó de réir bhliain an chéad léiriúcháin. Tá súil ag an Institiúid gur mór an áis é an suíomh seo do lucht drámaíochta agus do dhaoine eile a bhfuil suim acu sa scéal; is cinnte go bhféadfaidh lucht déanta taighde tairbhe a bhaint as. Tá eolas ann nárbh fhurasta teacht air anuas go dtí seo, agus d'fhéadfadh sé dul ar sochar do scoláirí thar lear – an méid acu a bhfuil Gaeilge acu. Fuair an institiúid maoiniú ó Fhoras na Gaeilge le haghaidh an tionscadail seo – airgead a caitheadh le héifeacht.



### **DUCIS**

*Irish studies have found a modern home in Sweden and Denmark.*

Tá dúil ag dream sa tSualainn sa léann Éireannach: DUCIS (*Dalarna University Centre for Irish Studies*), agus baint aige leis an Roinn Béarla in Ollscoil Dalarna. Tá cúrsaí á múineadh ar líne agus ar an gcampas ag foireann bheag de thaighdeoirí nótálta, agus fonn orthu príomhionad an léinn Éireannaigh sa Lochlainn a dhéanamh den áit. a bhfuil a speisialtacht féin ag gach duine acu. Tá rún acu caidreamh a chur ar scoláirí ar fud an domhain, agus tá a lán ar siúl ann – comhdhála agus aoi-léachtóirí ann, scríbhneoirí ag teacht ar cuairt, mic léinn mhalairte siar is aniar ar fud an domhain. Ba í an chomhdháil idirnáisiúnta is déanaí a bhí ann 'Myth and Reality: Language, Literature and Culture in Modern Ireland' sa bhliain 2009. Is áil leo scoláirí nua a oiliúint agus an chéad PhD sa léann Éireannach sa tSualainn a chur ar fáil.

Tá baint ag DUCIS le NISN (*Nordic Irish Studies Network*), cumann neamhspleách a bhfuil sé d'aidhm aige taighde a chur á dhéanamh ar ghnóthaí sóisialta, cultúir agus litríochta in Éirinn agus i measc na nÉireannach thar lear. Níl easpa oibre orthu - seimineáir, siompóisiaim agus chomhdhála do scoláirí, do mhic léinn, d'oidí agus do dhaoine eile a bhfuil suim acu san obair.

Tá NISN á riar ag an Roinn Béarla in Ollscoil Aarhus sa Danmhairg, áit a bhfuil CISA (*Centre for Irish Studies in Aarhus*) le fáil agus lámh aige i gcúrsaí cultúir, polaitíochta agus litríochta, cé nach mór an aird atá acu ar an nGaeilge.

Na dreamanna seo go léir a chuireann amach an *Nordic Irish Studies Journal*, agus ailt fhíor-acadúla le léamh ann: 'Legal Reform in Ireland, 1937-1997,' 'Irish Others in Australia in David Malouf's *Conversations at Curlow Creek*,' 'Public Attitudes and Media Construction of Poverty and Exclusion in Ireland,' agus 'Nuala Ní Dhomhnaill's *Cú Chulainn Cycle*'.

<http://www.du.se/ducis>  
<http://www.hum.au.dk/engelsk/nisn/>  
<http://www.du.se/en/Education/Subject-list/English/Dalarna-University-Center-for-Irish-Studies/NISN-Nordic-Irish-Studies-Network/NIS-Nordic-Irish-Studies-Journal/>

#### I gCUIMHNE ORTHU

Cailleadh **Colm Pádraig Mac Thiarnáin** (Kiernan) i mbliana in aois a ocht mbliana déag is trí fichid. Tharraing sé clú air féin mar staraí agus é ag cioradh scéal na nÉireannach san Astráil. Fuair sé oideachas clasaiceach ó na hÍoslándaigh i gColáiste Choill Chluana Gabhann i gContae Chill Dara, agus chuaigh an teaghlach go léir chun na Róimhe nuair a ceapadh a athair mar ambasadóir na hÉireann sa Vatacáin. Sa bhliain 1946 cuireadh a athair chun na hAstráile mar an gcéad ambasadóir ó Éirinn, agus bhuail an teaghlach le hArthur Calwell, Aire Inimirce (agus Gaeilgeoir). Nuair a chuaigh a mhuintir ar ais go dtí Éire shocraigh an scoláire óg ar fhanacht san Astráil; ghnóthaigh sé céim in Ollscoil Melbourne, phós sé Joan McKay (cailín éirimiúil ó Chanberra) agus thug a aghaidh ar Chambridge, áit ar bhain sé MA amach.

D'fhill an lánúin ar an Astráil lena glann, agus ceapadh Mac Thiarnáin sa bhliain 1963 mar an gcéad léachtóir sa Roinn Staire ar champas Wollongong d'Ollscoil New South Wales. Bhí sé ar an gcéad mhac léinn ealaíon a bhain amach PhD san ollscoil sin, agus chuaigh i mbun stair nua-aimseartha na hEorpa agus na hAstráile. Tháinig beathaisnéis Arthur Calwell óna lámh sa bhliain 1978.

Sa bhliain 1980 ceapadh é mar Ollamh Dearlaice le Stair na hAstráile i gColáiste na hOllscoile Baile Átha Cliath. Ní raibh a chlósscríobhán díomhaoin: beathaisnéis Peter Lalor, *Daniel Mannix and Ireland* (ba é Mannix a d'fháiltigh roimh a mhuintir agus iad ag teacht i dtír san Astráil), agus a lán óráidí do pholaiteoirí den eite chlé. Bhí Iodáilis, Fraincis agus Spáinnis ar a thoil aige, agus léamh na Gaeilge agus an tSean-Bhéarla.



Is gearr ó cailleadh **John Stanley Martin** – scoláire a bhí ina léachtóir Sualainnise in Ollscoil Melbourne ar feadh tamall fada ach ar mhó í a shuim i Sean-Lochlainnis ná in aon rud eile. Bhí sé ar dhuine de scata scoláirí nóálta a choinnigh staidéar na teanga úd beo san Ollscoil – leithéidí Augustin Lodewyckx (a chuir grúpa léitheoireachta ar bun sna daichidí), Ian Maxwell agus Margaret Birtley. Tháinig mórán daoine éirimiúla, idir mhná agus fhir, le chéile agus iad gafa ag teanga a raibh litríocht álainn ag baint léi. Níor chúrsa ollmhór é ach mhealladh sé dream ar leith.

Bhí a lán teangacha ag Martin, ach ba í an tSean-Lochlainnis an ceann ab fhearr leis, agus bhí meas agus gnaoi na mac léinn air. Mhair an cúrsa ceithre bliana is trí fichid ar shlí amháin nó ar shlí eile, ach tháinig deireadh leis sa bhliain 2008 de bharr 'atheagrú' Dhámh na nEalaíon, agus duine is tríocha cláraithe – dream sách mór i ndáiríre. Ceiliúradh an cúrsa le comhdháil an-suimiúil. Cuimhneofar ar Mhartin mar scoláire lách a thug grá a chroí don léann agus do theanga dhraíochta – teanga ar chóir do gach duine a fhoghlaimíonn Sean-Ghaeilge a thabhairt leis.<sup>2</sup>

Féach: <http://diemperdidi.info/nordicnotes/vol12/articles/>  
<http://oldnorsenews.org/2008/08/norse-studies-at-the-university-of-melbourne/>

#### Ag caint le strainséirí (cuid 2)

<sup>2</sup> Ba bheag an mhoill ar na Lochlannaigh caidreamh a chur ar na comharsana in Éirinn. Iad ag malartú focal agus rudaí eile, agus a lán Éireannach á dtabhairt siar chun na hÍoslándaigh ina dhiaidh sin.

*Languages are compulsory in both Irish and Australian schools, but in neither case have the consequences been impressive. Compulsory Irish has bred cynicism; in Australia migrants are the mainstay of language skills; Aboriginal languages (among the oldest in the world) suffer from inconsistent policies or neglect. Ideas are not lacking for reform; their implementation is slow to come.*

Tá sé de chosúlacht idir an Astráil agus agus Éire go bhfuil teipthe orthu araon, tríd is tríd, beartas éifeachtach teangacha a chur i bhfeidhm sna scoileanna. Ní léir don ghnáth-Bhéarlóir cén tairbhe is féidir a bhaint as teangacha eile, agus tá fadhb ar leith ag Éirinn: teanga éigeantach a bheith ann nach labhraítear go forleathan ach a ídíonn am agus airgead.

### *Éigeantas*

Soiniciúlacht is mó a d'eascair ón nGaeilge éigeantach in Éirinn, agus na mílte ag fáil díolúine ón nGaeilge sna scrúduithe Ardteistiméireachta. Thug os cionn 1,000 díobh sin faoi theangacha Eorpacha eile anuraidh, rud a fhágann, b'fhéidir, nach drochscéal ar fad é. Is iomaí duine a thioctadh le hurlabhraí an Fhreasúra nuair a deir sé gur cóir ábhar roghnach a dhéanamh den teanga. Mionlach amháin a thugann faoin ábhar le fonn sna scoileanna lán-Bhéarla.

Is dóigh le roinnt gníomhaithe féin gur beag is fiú an Ghaeilge éigeantach. Mar a deir Donncha Ó hÉallaithe san eagrán is déanaí den iris *Beo*:<sup>3</sup>

Tá sé geallta ag Enda Kenny go gcuirfidh Fine Gael deireadh le héigeantas na Gaeilge san Ardteist. Tá go leor de lucht na Gaeilge buartha faoi seo. Tuigim dóibh ach feicimse deis iontach anseo, le beartais chiallmhara mhealltacha dhearfacha a chur ina áit ar a mbeidh torthaí fóna amach anseo.

Is ceart beartas ar bith a mheas de réir na dtorthaí. Ní fhéadfaí a mhaíomh dá réir sin go bhfuil an Ghaeilge éigeantach ag obair, nuair nach bhfuil ach codán beag de na daltaí a dheineann an Ardteist in ann comhrá simplí a choinneáil ar bun i nGaeilge. Infheistítear go leor airgid stáit i múineadh na Gaeilge le daoine nach bhfuil ag iarraidh í a fhoghlaim. In áit an t-airgead mór seo a chur amú, b'fhéarr i bhfad díriú ar líofacht a thabhairt do na mic léinn atá ag iarraidh í a fhoghlaim.

### *Sa deisceart*

Is dócha nach maith a thuigeann scoileanna ná pobal na hAstráile an leas atá ag siúl le teangacha iasachta i ngnóthaí sóisialta agus geilleagair, go háirithe i ngeall ar litearthacht Bhéarla agus ar sheiftiúlacht aigne.

Tá Victoria ar na stáit is mó a mheallann inimircigh agus eile nach cainteoirí dúchais Béarla iad – daoine ón tSín, ón Afraic, ón India. Sa bhliain 2002 tháinig tuarascáil amach dar teideal *Languages for Victoria's future: An analysis of languages in government schools*. Is beag rud atá ann nárbh fhéidir a rá go fóill. Moladh go bhfoghlaimíodh gach dalta teanga eile go dtí go raibh sé in aois a shé bliana déag (Bliain 10), agus go gcuirfeadh an rialtas in iúl go raibh buntáistí ag roinnt le teangacha i gcúrsaí cultúir agus oibre. Ba cheart teangacha a cheangal de gach cuid den churaclam, go háirithe sna ceirdeanna, agus ba chóir breis airde a thabhairt ar phrionsabail an tumoideachais.

Moltar go gcaithfí 150 nóiméad ar a laghad ag múineadh teangacha: dhá rang sa tseachtain ar a laghad, agus aird ar leith ar an gcaint. Ba chóir níos mó teangacha a chur ar fáil, go háirithe i mBliain 7, agus é a fhágáil faoi phobal na háite a shocrú cé acu teangacha ba chóir a mhúineadh. Ba cheart daltaí a bheith in ann leanúint den teanga chéanna ar an meánscoil.

<sup>3</sup> 'Tá sé thar Am Fáil Réidh le hAigne an Éigeantais,' *Beo*, Eagrán 109, Bealtaine 2010 ([www.beo.ie](http://www.beo.ie)).

### *An Áise agus eile*

Sa bhliain 2002 cuireadh deireadh le maoiniú Comhaidhme le haghaidh teangacha Áiseacha sna scoileanna. Thosaigh clár nua an léinn Áisigh sna scoileanna ar 1/1/09 (*National Asian Languages and Studies in Schools Program*), agus aird ar leith aige ar an tSín, ar an Indinéis, ar an tSeapáin agus ar an gCóiré. Tá sé de chuspóir ag an Rialtas go mbeidh teanga de chuid na dtíortha úd ar a dtoil ag a dhá oiread daltaí ag fágáil na scoile dóibh, agus sin faoin mbliain 2020.

Deir *Languages for Victoria's future* nach foláir idir theangacha Eorpacha agus theangacha Áiseacha a mhúineadh, agus teangacha a úsáidtear sa phobal áitiúil a bheith ar fáil. Tá tábhacht le scoileanna eitneacha iar-ama, mar sin, agus lena gcuid múinteoirí.

Is léir ón tuarascáil nach bhfuil múinteoirí dall ar leas na gclár tumoideachais, ach gur dóigh leo gur gá dóibh oiliúint níos fear a bheith acu.

Is beag duine a déarfadh go bhfuil easpa teangacha ar na scoileanna i ndáiríre, ach Ní léir cén leas atá le baint as. Sa bhliain 2001 bhí 18 dteanga á múineadh sna bunscoileanna stáit agus 17 dteanga sna meánscoileanna. Ba iad na teangacha ba mhó a bhí á múineadh Indinéis, Iodáilis, Seapáinis, Fraincis agus Gearmáinis. Rinne 52% de dhaltá meánscoileanna teanga éigin, ach bhí a líon ag dul i laghad de réir mar a chuaigh siad ar aghaidh: 15% de dhaltá i mBliain 11 agus 12% i mBliain 12. Is iomaí teanga a mhúintear sna scoileanna trí chéile ach tá teangacha ann nach múintear ach i scoil amháin nó i gcúpla scoil.

### *Comhairle eile*

Tá tuairimí eile ann agus iad bunoscionn leis an méid thuas. Deir Gerry Groot, speisialtóir Áiseach,<sup>4</sup> gur fearr le comhlachtaí Astrálacha inimircigh a fhostú a bhfuil teanga áirithe acu ná Astrálaigh nach bhfuil chomh líofa sin. Má thagann Astrálaigh ar ais ón iasacht agus teanga Áiseach acu, ní léir dóibh cá bhfaighidís obair, fiú mar oidí.

Deir sé gur minic a chomhairlíonn na meánscoileanna do dhaltá gan bacadh le teangacha, go háirithe teangacha deacra na hÁise: b'fhéidir go gcuirfidís isteach ar chumas agus ar chlú na scoile mar sholáthraí don tríú leibhéal. Is fusa dul an bealach is réidhe.

Is dóigh leis gur cúis áthais é i ndáiríre go bhfuil an oiread sin daoine sásta tabhairt faoi theanga ar an hollscoil, dá laghad a líon. Ach is iomaí cúrsa teanga a lagaíodh nó a ligeadh ar lár, rud a fhágann gur beag mac léinn a fhaigheann máistreacht ar theanga Áiseach.

Deir Groot gurbh fhearr aird a thabhairt ar an dream is mó a rachadh teagasc ceart ar sochar dóibh. Tá milliún Astrálach ag obair i dtíortha Áiseacha, agus tuigean mórán acu anois gurb é a leas é a bheith in ann iad féin a chur in iúl go soiléir dá bhfoireann agus dá bhfostóirí. Iadsan is mó a bhainfeadh tairbhe as dianteagasc a chuirfeadh ar a gcumas teanga a labhairt, a thuiscint, a léamh agus a scríobh go maith. (Is é an scríbhneoireacht is chuid is laige den teagasc faoi láthair.)

### *Teangacha Bundúchasacha sna scoileanna*

Níl teangacha ar bith is sine ná na teangacha Bundúchasacha. Seoda náisiúnta iad mar sin, a déarfá, ach is beag eolas ná meas atá ag an ngnáth-Astrálach orthu, agus tá na teangacha féin i mbaol. Ní labhraíonn ach 13% de Bhundúchasaigh a dteanga féin sa bhaile. Níl ach fiche teanga Bundúchasach ann atá á labhairt go líofa ag páistí, agus tá níos lú ná céad cainteoir

---

<sup>4</sup> Gerry Groot, 'Lost in language wasteland,' *The Australian*, 28/4/10, lch 25.

líofa ag leath na dteangacha sin, cé go bhfuil canúintí Yolngu (i gCríocha Arnhem) á labhairt go forleathan fós.

Anuas go dtí na seachtóidí thugadh misinéirí faoin teanga áitiúil a fhoghlaim chun múineadh do Bhundúchasaigh conas maireachtáil sa dá chultúr. Dúnadh na misin de bharr fhórsaí an fhéinstiúrtha agus na gcearta talún, cé go ndúirt na seandaoine nach raibh siad ullamh fós chuige. Anois ní fhoghlaimíonn na múinteoirí aon teanga Bhundúchasach agus is annamh a fhanann siad níos faide ná dhá bhliain. Is deacair a chreidiúint nach bhfuil baint ag dúnadh na misean agus ag an meath oideachasúil a lean é leis na fadhbanna a chránn Bundúchasaigh ar an iargúil – neamhlitearthacht, dífhostaíocht, drochshláinte, drugaí agus coireanna.<sup>5</sup>

Is minic nach féidir oideachas dátheangach a chur ar fáil toisc nach bhfuil an fhoireann ann chuige agus go bhfuil an oiread sin teangacha á labhairt san áit chéanna ag dreamanna nach mbeadh ag maireachtáil le hais a chéile de ghnáth. Is gnách do na daltaí iompú ar Kriol mar chomhréiteach agus an scéal mar sin.

Fágann sin críocha an oirdheiscirt Rinne New South Wales rud neamhchoitianta nuair a tugadh isteach roinnt teangacha leochaileacha Bundúchasacha sa churaclam mar bheartas chun teangacha an réigiúin a chaomhnú. Caithfidh gach dalta teanga nach Béarla í a fhoghlaim (de réir cláir a dtugtar LOTE air – *languages other than English*), agus anois is féidir le roinnt daltaí Bundúchasacha staidéar a dhéanamh ar a dteanga shinseartha. Ní hiadsan amháin a bhfuil an deis sin acu: tá faille ag dhaltaí eile ar theanga Bhundúchasach a fhoghlaim freisin.

Le cúig bliana déag anuas tá pobail in Victoria ar nós na Wathaurong agus na Yorta Yorta ag tabhairt faoina gcuid teangacha a athshealbhu, rud a spreag lucht oideachais chun na teangacha sin a chur á múineadh i roinnt scoileanna. Is fada nár baineadh lánúsáid as teanga Bhundúchasach in Victoria, ach ós cuid de shainiúlacht an phobail í an teanga, ní foláir cead agus comhairle a fháil ó na daoine féin agus í á múineadh. Is fusa uaireanta teanga a mhúineadh go rianúil ar scoil ná i measc an phobail.

Tá triail á baint as seo ag roinnt scoileanna (i gCríocha Gippsland in oirthear Victoria, mar shampla), agus deis ag daltaí nach de shliocht Bundúchasach iad teanga Bhundúchasach a fhoghlaim.

#### *Focal scoir*

Is léir anois cad tá ag teastáil, ach dheamhan a fhios cén réiteach a dhéanfar dá bharr. Thar aon rud eile tá gá le múinteoirí a bhfuil teangacha acu, san Astráil agus in Éirinn. Mura bhfuil siad ann ní féidir le daltaí tabhairt faoi oideachas dátheangach ar an mbealach is fearr - tosú ag foghlaim teanga eile roimh sheacht mbliana d'aois. Mura féidir é sin a dhéanamh san Astráil maidir le teangacha Áiseacha, b'fhearr díriú (mar a moladh thuas) ar dhaoine oilte atá ag obair san Áise cheana. Maidir le fíorthiangacha na hAstráile, tá práinn le beartais stuama agus le háiseanna oiriúnacha. Agus maidir le púca úd na n-adharc, an Ghaeilge éigeantach – caitear i gcártaí í.

Féach:

<http://www.curriculumsupport.education.nsw.gov.au/primary/languages/aboriginal/index.htm>

<http://www.det.wa.edu.au/curriculumsupport/languages/detcms/navigation/about-languages/?page=4&tab=Main>

<http://vels.vcaa.vic.edu.au/aboriginal/>

<http://www.liveinvictoria.vic.gov.au/living-in-victoria/education--and--childcare/secondary-schools>

<sup>5</sup> Féach Flood, Josephine, *The Original Australians: Story of the Aboriginal People*, Allen & Unwin 2006, go háirithe lch 234 ar aghaidh. Achoimriú ciallmhar atá ann ar na cúrsaí seo agus ar chúrsaí eile.

<http://www.deewr.gov.au/schooling/NALSSP>  
[http://www.eduweb.vic.gov.au/edulibrary/public/teachlearn/student/lem/language\\_report.pdf](http://www.eduweb.vic.gov.au/edulibrary/public/teachlearn/student/lem/language_report.pdf)

*Focal scoir eile ó Thomás de Bhaldraithe, agus an ceart aige, b'fhéidir, maidir le síorphlé ceisteanna teanga! Tá sé thar am ábhar eile a scagadh. Aige seo a cuid focal féin...*

Tá mé tar éis an t-eagrán is déanaí a léamh agus tá an tseanchnámh spairne dhá phlé an athuair: dara teangachas san Astráil agus in Éirinn.

Tar éis fiche bliain a chaitheamh i mo chónaí anseo agus cumarsáid agam leis na mílte duine tugaim é seo le fios duit. Níor casadh orm oiread agus Astrálach amháin, is é sin duine a rugadh agus a fuair a chuid scolaíochta anseo, atá ábalta teanga eile a labhairt seachas Béarla. Níl siad ábalta fiú cúpla focal i dteanga eile a fhuaimniú i gceart!! Maidir le Astrálaigh a rugadh thar lear tá an-chumas ar go leor acu teanga eile a labhairt seachas Béarla.

Is trua an scéal é ach is iomaí Éireannach atá ábalta Fraincis nó Spáinnis nó Gearmáinis a labhairt nó fiú aithris cruinn a dhéanamh ar fhocla sna teangacha sin. Is cuid de chultúr buan na hAstráile gan aon iarracht dá laghad a dhéanamh aithris beacht cruinn a dhéanamh ar aon fhocal eachtrannach: cuireann siad 'tuin Astrálach' orthu. Níl sé ar chumas acu mar gur tír 'aon tuine' an Astráil. Má tá aon fhíricí agat a chruthaíonn a mhalairt seol chugam iad más é do thoil é.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@bigpond.com](mailto:rianach@bigpond.com)  
nó chun [coling.ryan@ato.gov.au](mailto:coling.ryan@ato.gov.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to  
[rianach@bigpond.com](mailto:rianach@bigpond.com) or to [coling.ryan@ato.gov.au](mailto:coling.ryan@ato.gov.au).*

## Plean Gaeilge i Meiriceá Thuaidh

Tá Gaeilgeoirí sna Stáit Aontaithe agus i gCeanada ag smaoineamh ar phlean fiche bliain a bheartú<sup>6</sup> chun an teanga a chur chun cinn i Meiriceá Thuaidh. Beidh comhdháil físe<sup>7</sup> ar 23 Bealtaine chun ligean do<sup>8</sup> Ghaeilgeoirí na Stát Aontaithe agus Ceanada an scéal a phlé.

Níl plean den saghas sin déanta ag Gaeilgeoirí na hAstráile. Is féidir an teanga a chur chun cinn<sup>9</sup> gan é, ach ba mhaith an rud é plean a bheith ann chun Gaeilge a chur á múineadh<sup>10</sup> in Ollscoil Melbourne mar atá in Ollscoil Sydney.

## Plean teanga don Spidéal

Beidh cruinniú poiblí sa Spidéal i gContae na Gaillimhe ar 19 Bealtaine chun plean áitiúil Gaeilge a phlé. Comhlacht Forbartha an Spidéil atá freagrach as<sup>11</sup>.

Rinne an Comhlacht suirbhéanna<sup>12</sup> ar úsáid na Gaeilge sa Spidéal. Deir na suirbhéanna sin gurbh fhearr le daoine go mbeadh an Ghaeilge mar phríomhtheanga an phobail feasta. Mar sin féin, ní dóigh le daoine go leanfaidh an t-aos óg orthu<sup>13</sup> ag labhairt na teanga.

B'fhéidir go bhfuil sé ró-dhéanach anois chun plean áitiúil teanga a dhéanamh. Tá úsáid na teanga taobh le cúrsaí sa saol mór<sup>14</sup>, agus tá tionchar mór ag an saol sin ar na daoine óga. Sin é an fáth a n-úsáideann siad Béarla.

## DUCIS

Tá áit sa tSualainn<sup>15</sup> a ndéantar<sup>16</sup> staidéar mór ar an léann Éireannach<sup>17</sup>: DUCIS (*Dalarna University Centre for Irish Studies*), agus baint aige leis an Roinn Béarla in Ollscoil Dalarna. Tá cúrsaí á múineadh<sup>18</sup> ar líne agus ar an gcampas

Tá baint ag DUCIS le NISN (*Nordic Irish Studies Network*), cumann neamhspleách a spreagann taighde ar na hÉireannaigh ar fud an domhain le seimineáir agus comhdhálacha. Tá NISN á riar<sup>19</sup> ag an Roinn Béarla in Ollscoil Aarhus sa Danmhairg<sup>20</sup>, áit a bhfuil CISA (*Centre for Irish Studies in Aarhus*) le fáil.

Cuireann na scoláirí seo an *Nordic Irish Studies Journal* amach. Iris í a bhfuil ailt ar chúrsaí<sup>21</sup> litríochta agus sóisialta inti.

## Playography

<sup>6</sup> Ag smaoineamh ar phlean fiche bliain a bheartú – thinking of devising a twenty year plan

<sup>7</sup> Comhdháil físe – video conference

<sup>8</sup> Ligean do - allow

<sup>9</sup> An teanga a chur chun cinn – advance the language

<sup>10</sup> Gaeilge a chur á múineadh – to have Irish being taught

<sup>11</sup> Freagrach as - responsible for it

<sup>12</sup> Suirbhéanna: suirbhé - survey

<sup>13</sup> Go leanfaidh an t-aos óg orthu – that the younger generation will continue

<sup>14</sup> Taobh le cúrsaí sa saol mór - dependent on events in the wider world

<sup>15</sup> Sa tSualainn – in Sweden

<sup>16</sup> Déantar – is done/made

<sup>17</sup> An léann Éireannach – Irish studies

<sup>18</sup> Á múineadh – being taught

<sup>19</sup> Á riar – being administered

<sup>20</sup> Sa Danmhairg – in Denmark

<sup>21</sup> Cúrsaí - matters



Tá eolas le fáil anois ar gach dráma Gaeilge a léiríodh den chéad uair idir na blianta 1975-2009. Tá an 'Playography' seo le feiceáil ag [www.irishplayography.com](http://www.irishplayography.com). Timpeall 250 dráma atá i gceist.

Is féidir drámaí a lorg de réir<sup>22</sup> an teidil an údair, na n-aisteoirí nó na stiúrthóirí, nó de réir bhliain an chéad léiriúcháin. Is féidir le taighde tairbhe a bhaint as, agus d'fhéadfadh sé dul ar sochar do<sup>23</sup> scoláirí thar lear. Fuair an institiúid maoiniú ó Fhoras na Gaeilge le haghaidh an tionscadail<sup>24</sup> seo.

## Ag caint le strainséirí (2)

Theip ar an Astráil agus Éire beartas<sup>25</sup> éifeachtach teangacha<sup>26</sup> a chur i bhfeidhm<sup>27</sup> sna scoileanna. Gaeilge éigeantach is mó atá i gceist in Éirinn. Faigheann na mílte dalta díolúine<sup>28</sup> ón nGaeilge sna scrúduithe Ardteistiméireachta, ach déanann mórán staidéar ar theanga eile. Deir Fine Gael, páirtí an Fhreasúra, gur fearr ábhar roghnach<sup>29</sup> a dhéanamh den Ghaeilge. Deir gníomhaithe éigin Gaeilge an rud céanna, agus a laghad sin<sup>30</sup> ratha<sup>31</sup> ar an teanga sna scoileanna lán-Bhéarla.

Múintear<sup>32</sup> mórán teangacha san Astráil. I stát Victoria, áit a bhfuil a lán teangacha á labhairt ag inimircigh, ní gá teanga a fhoghlaim sna meánscoileanna tar éis Bliain 8. Sa bhliain dheireanach ní dhéanann ach 12% de na daltaí staidéar ar theanga iasachta. Tháinig tuarascáil amach sa bhliain 2002 a dúirt gur cheart na teangacha a cheangal den churaclam go léir<sup>33</sup> agus níos mó ama a chur ar fáil lena múineadh. Níor tháinig feabhas mór ar an scéal dá bharr.

Tá béim mhór á gcur ar theangacha Áiseacha anois, agus tá súil ag an rialtas go mbeidh ceann de na teangacha sin ag mórán daltaí faoin mbliain 2020. Dúirt saineolaí amháin, áfach, gurbh fhearr aird a dhíriú<sup>34</sup> ar dhaoine oilte atá ag obair san Áise cheana, agus feabhas a chur ar<sup>35</sup> na teangacha atá acusan.

Bhíodh teangacha Bundúchasacha<sup>36</sup> á múineadh in iargúil<sup>37</sup> na hÁstráile mar chuid de chlár dátheangach, ach is annamh a dhéantar sin anois. Ní labhraíonn ach 13% de Bhundúchasaigh a dteanga féin sa bhaile san iargúil, agus níl ach fiche teanga Bundúchasach á labhairt<sup>38</sup> go líofa ag páistí. In Victoria agus i stáit eile mar ar mheath na teangacha<sup>39</sup> tamall fada ó shin, tá siad ag múineadh cuid acu i scoileanna éigin anois mar thriail, agus daltaí neamh-Bhundúchasacha á bhfoghlaim<sup>40</sup> freisin.

---

<sup>22</sup> De réir – according to

<sup>23</sup> Dul ar sochar do – be of benefit to

<sup>24</sup> Tionscadail: tionscadal - project

<sup>25</sup> Beartas - policy

<sup>26</sup> Teangacha: teanga – language

<sup>27</sup> a chur i bhfeidhm – to put into effect

<sup>28</sup> díolúine - exemption

<sup>29</sup> roghnach - optional

<sup>30</sup> a laghad sin – so little

<sup>31</sup> ratha: rath - success

<sup>32</sup> múintear – is/are taught

<sup>33</sup> a cheangal den churaclam go léir – to attach to the entire curriculum

<sup>34</sup> Air a dhíriú ar – concentrate attention on

<sup>35</sup> Feabhas a chur ar – improve

<sup>36</sup> Bundúchasacha: Bundúchasach - Aboriginal

<sup>37</sup> outback

<sup>38</sup> Á labhairt – being spoken

<sup>39</sup> Mar ar mheath na teangacha – where the languages declined

<sup>40</sup> Á bhfoghlaim – learning them

